# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**Padraig McManus**
**Phríomh-fheidhmeannaigh**

## Leanfaidh BSL ar aghaidh ag infheistiú i gcruthú poist trína straitéis ghlas

### Forbhreathnú

Mar chuideachta fuinnimh láidir nuálaíoch Éireannach, féachann BSL siar ar bhliain bhrabúsach agus chun tosaigh, ag dréim le leanúint ar aghaidh ag cur go mór le geilleagar na hÉireann.

Tá go leor acmhainní ag BSL agus seachadann sé seirbhís leictreachais atá slán sábháilte do gach custaiméir, agus tá clár uaillmhianach aige a chuirfidh le cruthú substaintiúil post agus le gníomhaíocht eacnamaíoch sa bhaile, ag an am céanna ag fás thar lear.

Táimid ar thús cadhnaíochta maidir le comhshaol glan a sheachadadh agus bheith inár ngineadóir atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2035, ag forbairt greille chliste agus méadrú cliste le haghaidh bainistíocht chliste d'ídiú fuinnimh agus córas líonra chun slí a dhéanamh d'iompar leictreach. Is bunchuid dár straitéis é comhshaol glan inbhuanaithe a chur chun cinn, chomh maith le cinntiú go chomhlíonann Éire a spriocanna maidir le hathrú aeráide.

### Fuinneamh Inathnuaite

Le linn 2008 sheol BSL a Chreat Straitéiseach go 2020 bunaithe ar infheistiú i bhfuinneamh inathnuaite, ar astaíochtaí carbóin BSL a laghdú faoi leath laistigh de dhá bhliain déag agus glantoradh de nialas carbóin a bhaint amach sa deireadh thiar thall. In ainneoin athruithe ollmhóra sa chóras airgeadais domhanda, maireann ár ndiongbháilteacht beo maidir le BSL a dhéanamh ina chuideachta nithe inathnuaite den scoth.

Faoi láthair tá 122 MW de chumhacht gaoithe suiteáilte in Éirinn le 70 MW sa bhreis á thógáil. Tá sé ar intinn ag BSL a phunann gaoithe a leathnú go 600 MW faoi 2012. Faoi 2020 beidh BSL ag giniúint trian dá leictreachas ó ghaoth agus acmhainní inathnuaite eile.

I 2008 sheol Gréasáin BSL a straitéis líonraí cliste, bhunaigh sé dhá thionscadal phíolótacha méadraithe cliste agus thug tacaíocht d'fhorbairt micrighiniúint agus bonneagar feithiclí leictreacha.

Lean Giniúint Cumhachta BSL ar aghaidh ag athnuachan ár bpunainne giniúna, ag baint úsáide as an teicneolaíocht is oiriúnaí don chomhshaol agus is éifeachtaí. Rinneamar dul chun cinn maith ar an stáisiún cumhachta comhthimthrialla nua atá tíosach ar fhuinneamh agus atá á thógáil ag Áth Fhada i gCorcaigh agus ar an mórthionscadal comhshaoil chun astaíochtaí a laghdú ag Gob na Muine. Déanfar an dá thionscadal seo a sheachadadh i 2009.

De réir straitéis BSL agus pholasaí an Rialtais chun iomaíocht a spreagadh, i 2008 thángamar ar shocrú le Endesa, an fóntas Spáinneach, maidir le díolachán 1,000 MW d'fhearas ag Tairbeart, an tOileán Mór, Ród agus an Tamhnach Mór agus sócmhainní giniúna cumhachta eile.

I 2008 ba seo leanas sciar an mhargaidh do ghiniúint ar bhonn uile-oileáin:

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| Giniúint Cumhachta BSL | 35% | 30% |
| Fuinneamh Neamhspleách BSL | 12% | 14% |
| Táirgeoirí Cumhachta Neamhspleácha | 53% | 56% |

Ar an taobh soláthair de, ba seo leanas na sciartha margaidh faoi seach i 2008 ar bhonn uile-oileáin arís. Tá siad seo ar aon dul le 2007.

| | Intíre | Tionsclaíochta/ Tráchtála |
|---|---|---|
| Soláthar Custaiméirí BSL | 73% | 21% |
| Fuinneamh Neamhspleách BSL | – | 23% |
| Cuideachtaí Neamhspleácha Eile: | 27% | 56% |

Léiríonn sciar méadaithe an mhargaidh do chuideachtaí neamhspleácha cé chomh mór is atá iomaíocht bunaithe sa mhargadh Éireannach.

Cé go raibh an margadh soláthair intíre oscailte d'iomaíocht ó bhí 2005 ann, níor tháinig iomaitheoirí isteach ann go dtí le déanaí. Cuirimid fáilte roimhe seo. Ar ndóigh, ní maith linn custaiméirí a chailliúint, ach ba mhaith linn raon soláthraithe a spreagadh chun go mbainfear ar shiúl na srianta rialála atá ar BSL.

### Praghas

Is é príomh-mhisean BSL ná seirbhís agus luach sármhaith a thabhairt do chustaiméirí leictreachais go léir. Táimid an-fheasach ar thionchar praghais ar an gcustaiméir agus, ar an drochuair, bhí costais bhreosla – an príomhthiománaí i gcostais leictreachais - an-luaineach i lár na bliana 2008. Ag féachaint ar fhóntais inchomparáideacha sa Bhreatain, bhí na méaduithe praghais idir 24% agus 36%. I dTuaisceart na hÉireann mhéadaigh praghsanna de 52%.

Cé gur mhéadaigh praghsanna Éireannacha de 17.5% i 2008, den mhórchuid d'fhan siad ar aon dul le meánphraghsanna limistéar an euro do chustaiméirí baile. Bhí praghsanna in Éirinn d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide tuairim faoi mheán limistéar an euro.

Tá praghsanna tionsclaíochta na hÉireann giota maith níos airde ná meán an AE áfach. Tá sciar bheag den earnáil seo – tuairim is 10% - ag Soláthar Custaiméirí BSL a sholáthraíonn sé ag praghsanna a chinneann an Rialtóir. Cé gur mhéadaigh iomaíochas éifeachtacht agus trédhearcacht, ní féidir leis, leis féin, aghaidh a thabhairt ar phraghsanna tionsclaíocha na hÉireann atá ard i gcomparáid le meán limistéar an euro, go príomha siocair spleáchas níos mó na hÉireann ar bhreosla iontaise allmhairithe. Is é an dúshlán atá roimh gach rannpháirtí sa mhargadh ná an spleáchas sin a laghdú trí infheistíocht i nginiúint dhúchasach inathnuaite a mhéadú agus trí idirnasc méadaithe.

### Gníomhú BSL ar Phraghas

Chun an laghdú is mó agus is féidir a bhaint amach ar thionchar mhéadaithe praghais ar na custaiméirí, rinne BSL ranníocaíocht an-mhór chun méadú féideartha a fhritháireamh. I gcomhaontú leis an Rialtóir, tá BSL ag soláthar níos mó ná €400 milliún i dtacaíocht sa tréimhse ó Eanáir go Meán Fómhair 2009. Den mhéid seo, tugadh aitheantas do €300 milliún mar sholáthar ag 31 Nollaig 2008. Ina theannta seo, aischuireadh níos mó ná €100 milliún d'ioncam go sealadach agus cuirfidh seo le hísliú praghsanna go gearrthéarmach. Rachaidh na ranníocaíochtaí seo chun tairbhe do gach úsáideoir leictreachais. Ar ndóigh, tá a leithéid de thacaíocht eisceachtúil agus caithfear aghaidh a thabhairt ar an stádas ó 1 Deireadh Fómhair 2009.

### Feidhmíocht Airgeadais

Bhí ioncam de €3.5 billiún agus brabúis iarchánacha de €273 milliún i gceist le feidhmíocht BSL i 2008. Táimid ag íoc díbhinn de €82 milliún leis an Státchiste, agus tugann seo iomlán na n-íocaíochtaí díbhinne leis an Státchiste ó 2002 go €508 milliún. Cé gurb ionann caiteachas caipitiúil agus €1.1 bhilliún sa bhliain rinneamar ár n-iasachtaí a bhainistiú go coimeádach le glanfhiachas de €2.1 bhilliún.

### ESB International

I rith 2008 rinneadh dul chun cinn suntasach i seachadadh ár gclár fáis go hidirnáisiúnta. D' fheidhmigh ár n-infheistíochtaí idirnáisiúnta reatha go léir go maith le linn na bliana ag sroicheadh nó ag sárú ár spriocanna brabúis. Maidir le forbairtí nua san RA, bí dul chun cinn maith le linn na bliana san tógáil ag Marchwood, fearas CCGT 840 MW láimh le Southampton, i bpáirt le Scottish and Southern Energy, Fuair ESBI sciar de 85% i dtogra forbartha a éascóidh tógáil dara fearas CCGT 860MW láimh le Manchain. Bhíomar sásta freisin na ceadúnais riachtanacha comhshaoil go léir a fháil chun forbairt togra fearas cumhachta nua a éascú ag Covera i réigiún Asturias in iar-thuaisceart na Spáinne.

### Urraíocht agus Freagracht Chorparáideach

Tá clár urraíochta BSL dírithe ar thacaíocht do dhaoine óga agus don phobal. Go háirithe, táimid ag cur Craobh Mionúr iomána agus peile na hÉireann chun cinn, chomh maith le foireann idirnáisiúnta Éireannach haca na mban agus rugbaí idirnáisiúnta faoi 20 bliain d'aois. Is urra ainmnithe muid anois den Fheis Ceoil, agus táimid bródúil as seo. Éireoidh lenár gcomhpháirtíocht Cúl Green le CLG a sprioc a chomhlíonadh maidir le staidiam atá neodrach ó thaobh carbóin de a dhéanamh de Pháirc an Chrócaigh faoi dheireadh 2009.

Táim an-bhródúil as an gcultúr de fhreagracht shóisialta atá le fáil i mBSL. Tá ElectricAid, an ciste um cheartas sóisialta tar éis dul i dtreise agus tharla méadú breise ar bhallraíocht agus ar thabhartais anuraidh. Tá na milliún euro de ranníocaíochtaí tugtha ag an ciste do chúiseanna ar fud an domhain agus sa bhliain 2008 thaistil dhá fhoireann de shaorálaithe BSL go Gána san Afraic Thiar chun oibriú ar athchóiriú iomlán scoile i mbaile sa phríomhchathair, Accra. Mar thoradh air seo, tá deis níos fearr ag na mílte leanbh anois chun bealach a fháil amach as an mbochtaineacht tríd an t-aon mhodh atá acu – oideachas.

Tá an t-éiteas seirbhíse seo ag BSL óna bhunú níos mó ná 80 bliain ó shin. Is éiteas é atá tábhachtach go háirithe inniu, agus dúshláin gan fasach romhainn mar chuideachta agus mar gheilleagar.

**Padraig McManus**
**Phríomhfheidhmeannaigh**

# Cad é a chuir BSL le geilleagar na hÉireann le linn 2008?

**Os cionn €2.5 billiún**